Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 32

# Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2022, as leithreasaí neamhchaite 2021, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear barrachas €714.992 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de na rudaí seo a leanas.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní a dhímheas gach bliain thar a saolré úsáideach mheasta de réir méid cothrom, agus gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain an cheannaigh ach ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i leith an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go gcuirtear béim chuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chuir an Roinn mionsonraí ar fáil faoi deich gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de shé chonradh (sa bhreis ar €25,000), arb ionann iad agus €298,730 san iomlán (gan CBL a áireamh) faoi mar atá leagtha amach thíos:

- Bhain conradh amháin dar luach €74,966 le réitigh shlána cúltaca sonraí a sholáthar d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE). Cinneadh gurb é an táirge a chuir an soláthraí ar fáil an t-aon cheann a bhí oiriúnach chun sláine sonraí imscrúduithe agus sonraí gaolmhara a chinntiú. Ghlac an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (CEA) feidhmeanna ODCE chuige féin an 7 Iúil 2022.
- Conradh carnach eile ann ar fiú €62,249 é a chlúdaigh cúig sheirbhís glantacháin ar leith agus a ceannaíodh d'oifigí na Roinne trí chéile, agus chuaigh gach ceann acu seo in éag gan conradh nua a bheith i bhfeidhm. I gcás amháin, tá an próiseas soláthair curtha i gcrích, agus sna ceithre chás eile tá an próiseas soláthair fós ar siúl.
- Bhain an tríú conradh ar fiú €56,831 é le seirbhísí agus comhairle dlí a sholáthar maidir le cur chun feidhme beart éigeandála a rinneadh mar fhreagairt d’ionradh na hÚcráine agus iad i bhfoirm na Scéime um Ráthaíocht Creidmheasa don Úcráin, agus mar gheall ar an bpráinn a bhain le cúrsaí san Úcráin, ní raibh sé indéanta próiseas soláthair a chur i bhfeidhm sa chás sin.
- Bhain an ceathrú conradh dar luach €41,748 le seirbhísí aistriúcháin a sholáthar don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC), dá ndeachaigh an conradh in éag le linn na bliana. Níor cuireadh an creatchonradh, a chomhaontaigh OGP le haghaidh seirbhísí aistriúcháin, ar fáil go dtí mí na Nollag 2022. Tá WRC i mbun próisis i láthair na huaire chun rochtain a fháil ar an tseirbhís seo ó chreat nua OGP.

- Bhain an cúigiú conradh dar luach €34,111 san iomlán le soláthairtí oifige agus stáiseanóireacht a cheannaigh roinnt oifigí de chuid na Roinne. Meabhraíodh do na hoifigí cé chomh tábhachtach is atá sé cloí le rialacha soláthair i dtaca leis na cúrsaí sin.
- Bhain an séú conradh dar luach €28,825, a chuaigh in éag in 2021, le hábhair inchaite TFC a chur ar fáil. Lean roinnt oifigí de chuid na Roinne orthu ag baint úsáid as seirbhísí ón soláthraí bunaidh, in ainneoin go raibh creat-chomhaontú sa réimse sin curtha i gcrích ag OGP. Cuireadh na hoifigí i gceist ar an eolas faoin gcreat-chomhaontú agus eagraíodh soláthar na n-ábhar inchaite sin i gcomhréir leis an gcomhaontú sin.

Tá na conarthaí thuas ar áireamh sa tuairisceán bliantúil faoi chiorclán 40/2002 ar tagraíodh dó thuas.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe a oibriú do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a bainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair a dhéanann iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

**Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais**

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2022 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**An Dr Orlaigh Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

30 Márta 2023

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht agus tá comhlíonta agam na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Forbairt post agus fiontar | | | | |
| | *Bunaidh* | 561,011 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 78,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 647,440 | | | |
| | | | 1,286,951 | 584,946 | 722,576 |
| B | Nuálaíocht | | | | |
| | *Bunaidh* | 237,559 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,160 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,280 | | | |
| | | | 244,999 | 200,612 | 218,741 |
| C | Rialáil | | | | |
| | *Bunaidh* | 105,255 | | | |
| | *Forlíontach* | 780 | | | |
| | | | 106,035 | 99,116 | 85,760 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 903,825 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 79,660 | | | |
| | *Forlíontach* | 654,500 | | | |
| | | | **1,637,985** | **884,674** | **1,027,077** |
| | *Lúide* | | | | |
| **D** | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **62,396** | **78,577** | **69,051** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 841,429 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 79,660 | | | |
| | *Forlíontach* | 654,500 | | | |
| | | | **1,575,589** | **806,097** | **958,026** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh, thar an nglansuim a cuireadh i bhfeidhm, a ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán na leithreasaí neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €54.5 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith gnéithe caipitil d'fho-mhírchinn A.5 agus A.7 anonn go dtí 2023.

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 769,491,787 | 236,333,519 |
| Géilleadh iarchurtha | (54,500,000) | (79,660,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **714,991,787** | **156,673,519** |

**An Dr Orlaigh Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

30 Márta 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais an chláir | | 841,033 | 987,847 |
| Pá | | 34,981 | 30,723 |
| Neamhphá | | 8,660 | 8,507 |
| **Ollchaiteachas** | | **884,674** | **1,027,077** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **78,577** | **69,051** |
| **Glanchaiteachas** | | **806,097** | **958,026** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (1,629) | | |
| Dímheas | 1,504 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 46 | (79) | 1,625 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (6,969) | | |
| Laghdú ar fhardail | 213 | (6,756) | 9,424 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **799,262** | **969,075** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (airgead tirim) (nóta 1.1) | | 28,511 | 26,022 |
| Measchíosanna (neamhairgid) | | 2,847 | 2,847 |
| **Glanchostas an chláir** | | **830,620** | **997,944** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 32 a tabhaíodh in áit eile

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 87 | 61 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 22,916 | 21,550 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,672 | 3,622 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 123 | 120 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 251 | 162 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 123 | 147 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 339 | 360 |
| | | **28,511** | **26,022** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 6,109 | 6,030 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 84,093 | 111,324 |
| Fardail | 2.2 | — | 213 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 1,832 | 1,733 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | 308 | 168 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 980 | 536 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **87,213** | **113,974** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.6 | 2,882 | 1,269 |
| Ioncam iarchurtha | 2.7 | 2,840 | 11,183 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 5,627 | 5,216 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 79,446 | 106,644 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **90,795** | **124,312** |
| **Glansócmhainní reatha/(glandliteanais reatha)** | | (3,582) | (10,338) |
| **Glansócmhainní** | | **2,527** | **(4,308)** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.10 | **2,527** | **(4,308)** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Mótarfheithiclí | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** [a, b] | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 38,310 | 3,221 | — | 7 | 41,538 |
| Breiseanna | 299 | — | 207 | 1,123 | 1,629 |
| Aistrithe | 1,045 | — | — | (1,045) | — |
| Diúscairtí | (450) | (142) | — | — | (592) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 39,204 | 3,079 | 207 | 85 | 42,575 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 32,619 | 2,889 | — | — | 35,508 |
| Dímheas don bhliain | 1,429 | 72 | 3 | — | 1,504 |
| Dímheas ar dhiúscairtí [c] | (400) | (146) | — | — | (546) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 33,648 | 2,815 | 3 | — | 36,466 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **5,556** | **264** | **204** | **85** | **6,109** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 5,691 | 332 | — | 7 | 6,030 |

Nótaí

a Ghlac an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (CEA), a bunaíodh mar ghníomhaireacht neamhspleách an 7 Iúil 2022, feidhmeanna Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE). Chun críocha cuntasaíochta, caitheadh le sócmhainní iarbhunaithe agus réamhbhunaithe ODCE agus CEA mar shócmhainní de chuid na Roinne seo don bhliain 2022 ina hiomláine, agus aistríodh úinéireacht na sócmhainní chuig CEA ar mhuirear nialasach an 1 Eanáir 2023.

b Ar áireamh sna hiarmhéideanna tosaigh costas agus dímheasa carntha a tugadh anonn ón 1 Eanáir 2021 tá míreanna a fuarthas a bhí faoi bhun na tairsí €10,000.

c Ar áireamh sa dímheas carntha ar dhiúscairtí ar throscán agus feistis tá dímheas €4,000 a bhaineann le blianta roimhe agus nár cuireadh ar áireamh roimhe seo sa nóta.

## 2.2 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Ábhair inchaite [a] | — | 213 |
| | **—** | **213** |

Nóta [a] I gcomhréir le treoir a eisíodh faoi chiorclán 22/2022: Ceanglais do Chuntais Leithreasa 2022, ní áiríonn RFTF míreanna ardtoirte íseal-luacha mar fhardail a thuilleadh ach, ina áit sin, cuirtear iad ina n-iomláine le costais na bliana.

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 1,709 | 1,483 |
| Riarachán | 123 | 250 |
| | **1,832** | **1,733** |

## 2.4 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Ioncam atá dlite ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 214 | 105 |
| Ioncam atá dlite ó cheadanna fostaíochta | 52 | 40 |
| Ioncam atá dlite d'oifigí RFTF as seirbhísí | 42 | 23 |
| | **308** | **168** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | | 35 | 25 |
| Iarmhéideanna dochair ilghnéitheacha | | 785 | 483 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe | | | |
| Taisteal | 30 | | |
| Seirbhísí comhroinnte | 130 | | |
| | | 160 | 28 |
| | | **980** | **536** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Aisíocaíochtaí ceada fostaíochta atá dlite | 1,638 | 694 |
| Costais riaracháin | 421 | 295 |
| Forchúitimh idir-rannacha | 147 | 132 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 136 | 76 |
| Costais dlí | 268 | 72 |
| Scéim Shealadach Ráthaíochta Creidmheasa Pháirtigh | 272 | — |
| | **2,882** | **1,269** |

## 2.7 Ioncam iarchurtha

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fáltais ó cheadanna fostaíochta as iarratais neamhphróiseáilte | 1,277 | 9,691 |
| Iarmhéideanna custaiméirí ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 1,563 | 1,492 |
| | **2,840** | **11,183** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1,180 | 1,084 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 715 | 623 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 7 | 6 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 161 | 149 |
| Cáin bhreisluacha ar fháltais laistigh den Aontas Eorpach | 68 | 115 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 223 | 198 |
| | **2,354** | **2,175** |
| Sciar de tháillí athnuachana paitinne is iníoctha le hOifig Eorpach na bPaitinní | 1,907 | 1,932 |
| Íocaíochtaí foirne | 656 | 463 |
| (Sócmhainn)/dliteanas phinsean na bhfostóirí | 53 | (16) |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 159 | 159 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha eile | 498 | 503 |
| | **5,627** | **5,216** |

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 714,992 | 156,674 |
| Géilleadh iarchurtha | 54,500 | 79,660 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (690,046) | (129,690) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **79,446** | **106,644** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 84,093 | 111,324 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 980 | 536 |
| | 85,073 | 111,860 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,354) | (2,175) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (3,273) | (3,041) |
| | (5,627) | (5,216) |
| | **79,446** | **106,644** |

## 2.10 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | (4,308) | 6,741 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,575,589 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (54,500) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (714,992) | | |
| Glanvóta | | | 806,097 | 958,026 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 28,511 | 26,022 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 2,847 | 2,847 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (830,620) | (997,944) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **2,527** | **(4,308)** |

## 2.11 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda [a]**<br>ag an 31 Nollaig | **2022**<br>**€000** | **2021**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 121,084 | 177,338 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 3,837 | 3,965 |
| Cláir deontas caipitil | 1,153,153 | 1,258,845 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **1,278,074** | **1,440,148** |

| **b) Cláir deontas neamhchaipitil** | **2022**<br>**€000** | **2021**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 3,965 | 10,854 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (14,546) | (19,355) |
| Ceangaltais deontas nua | 15,621 | 14,784 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (1,203) | (2,318) |
| **Iarmhéid deiridh** | **3,837** | **3,965** |

| **c) Cláir deontas caipitil** | **2022**<br>**€000** | **2021**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 1,258,845 | 2,115,494 |
| Coigeartú [b] | — | (757,945) |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (488,434) | (617,225) |
| Ceangaltais deontas nua | 533,993 | 826,602 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (151,251) | (308,081) |
| **Iarmhéid deiridh** | **1,153,153** | **1,258,845** |

Nótaí

[a] Áirítear leis seo ceangaltais a mhaoineofar ó ioncam acmhainní dílse a ghinfidh comhlachtaí Stáit atá faoi choimirce na Roinne.

[b] Aistríodh roinnt feidhmeanna le héifeacht ón 1 Eanáir 2021 chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Áiríodh leis an aistriú sin freagrachtaí as Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus as an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal. Leis an gcoigeartú, baineadh na ceangaltais i ndáil leo atá ar áireamh san iarmhéid tosaigh in 2021.

**d) Mórthionscadail chaipitil**

Taispeántar thíos deontais chaipitil lena mbaineann caiteachas iomlán de €10 milliún nó níos mó.

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021 | Caiteachas in 2022 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail 2022 | Caiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail 2021 [a] |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais Ghníomhaireachta** | | | | | |
| GFT Éireann (A.5) | 19,800 | 46,800 | 136,000 | 202,600 | 140,000 |
| Fiontraíocht Éireann (A.7) | 388,286 | 34,456 | 170,428 | 593,170 | 576,212 |
| Fiontraíocht Éireann (B.4) | 9,547 | 4,202 | 9,751 | 23,500 | 23,500 |
| **Ceangaltais na Roinne** | | | | | |
| INTERREG (A.10) | 14,479 | 2,640 | 3,697 | 20,816 | 20,816 |
| Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (A.14) | 99,340 | 55,709 | 12,484 | 167,533 | 100,049 |
| | **531,452** | **143,807** | **332,360** | **1,007,619** | **860,577** |

Nóta [a] Ní áirítear leis tionscadail a críochnaíodh roimh dheireadh 2021.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le haon mhórcheangaltas i gcás gur tháinig athrú níos mó ná €500,000 ar an gcaiteachas ionchais iomlán i gcomparáid le 2021.

**GFT Éireann (A.5)**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €63 mhilliún*

Baineann an méadú seo le cúig thionscadal nua a bhfuil ceangaltas €13 mhilliún ar an meán do gach tionscadal bainteach leo.

**Fiontraíocht Éireann (A.7)**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €17 milliún*

Baineann an méadú seo go príomha le tionscadal amháin do €20 milliún agus le glanlaghdú i dtiomantais de €3 mhilliún thar ocht dtionscadal.

**Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (A.14)**

*Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €67 milliún*

Tharla an méadú seo mar gheall gur cuireadh tús leis an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta.

## 2.12 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana | **141** | **46** |

## 2.13 Dliteanais Theagmhasacha

***Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa***

Leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (CGS) a tháinig i bhfeidhm in 2012 agus a ndearnadh athbhreithniú uirthi in 2017, cuirtear ráthaíocht stáit de 80% tríd an Roinn ar fáil d'iasachtóirí creidiúnaithe ar iasachtaí incháilithe nó bannaí feidhmíochta do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide inmharthana (FBManna).

Seoladh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19 (CCGS) i mí Mheán Fómhair 2020 chun cabhrú le gnólachtaí ar imir Covid-19 tionchar diúltach orthu agus dúnadh í an 30 Meitheamh 2022. Chuir an CCGS ráthaíocht stáit de 80% ar fáil d'iasachtóirí creidiúnaithe i dtaca le saoráidí iasachta suas go huasmhéid €2 billiún. Forbraíodh an Scéim de réir Chreat Sealadach Cúnaimh Stáit an Choimisiúin Eorpaigh agus bhí sí ar fáil do FBManna, cuideachtaí beaga meánchaipitlithe (fiontair nach FBM iad ach a bhfuil níos lú ná 500 fostaí acu) agus príomhtháirgeoirí a chomhlíon na critéir incháilitheachta.

I gcás an CGS agus an CCGS araon, ba é an Stát (an 'ráthóir') a d'íoc an ráthaíocht leis an iasachtóir ar iarmhéid na príomhshuime neamh-aisghafa gan íoc ar shaoráid scéime i gcás go mainníonn iasachtaí ar aisíocaíochtaí na saoráide scéime.

Ag an 31 Nollaig 2022, chlúdaigh an dá scéim €521.6 milliún san iomlán in iasachtaí gan íoc (2021: €502.8 milliún). B'ionann neamhchosaint uasta iomlán na Roinne i dtaca le hiasachtaí gan íoc ag an 31 Nollaig 2022 agus €410.44 milliún (2021: €395.86 milliún).

Ceanglaítear ar ghnólachtaí a bhaineann leas as an CGS nó as an CCGS préimh bheag a íoc leis an Roinn. Íoctar éilimh i gcoinne na ráthaíochta le hiasachtóirí rannpháirteacha ó fho-mhírcheann A.9. Déantar íocaíochtaí le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) chun an scéim a oibriú as an bhfo-mhírcheann sin freisin.

Leagtar amach thíos achoimre ar fháltais agus ar íocaíochtaí a bhaineann leis an scéim seo.

| | | 2022 | | 2012-2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | | €000 |
| Fáltais i ndáil le préimheanna a d'íoc FBManna | | 2,164 | | 6,226 |
| Caiteachas na scéime | | | | |
| Riarachán na scéime | (1,269) | | (6,387) | |
| Éilimh a íocadh | (3,429) | | (4,642) | |
| Costas iomlán na scéime | | (4,698) | | (11,029) |
| Glanchostas na scéime | | (2,534) | | (4,803) |

***Dliteanais theagmhasacha eile***

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níltear cinnte faoi aon suim iarbhír ná faoi uainiú aon dliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 32,425 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | | | |
| | | | 34,425 | 34,981 | 30,723 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 500 | 606 | 153 |
| iii | Foghlaim agus forbairt agus costais theagmhasacha | | 1,505 | 1,636 | 1,605 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 300 | 306 | 332 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 4,173 | 4,191 | 4,179 |
| vi | Costais áitribh oifige | | 743 | 646 | 869 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 1,280 | 913 | 877 |
| viii | Acmhainní fógraíochta agus faisnéise | | 360 | 362 | 492 |
| | | | **43,286** | **43,641** | **39,230** |

### Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna leis na difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €1.28 milliún; toradh €913,000*

Níor leanadh ar aghaidh le roinnt tionscadal comhairleoireachta a ceadaíodh le haghaidh maoinithe in 2022 mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar mhoilleanna/ar chealuithe/ar athbheartú tosaíochtaí.

## Clár A Forbairt Post agus Fiontar

| | | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 12,062 | | | |
| | | *Forlíontach* | 740 | | | |
| | | | | 12,802 | 12,889 | 11,564 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | | 2,922 | 2,554 | 2,491 |
| A.3 | Pinsin leagáide Gníomhaireachta | | | 40,292 | 40,283 | 39,912 |
| A.4 | Idir-Thrádáil Éireann | | | 11,586 | 11,585 | 11,025 |
| A.5 | GFT Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 220,538 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 7,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,500 | | | |
| | | | | 229,538 | 226,410 | 201,333 |
| A.6 | NSAI – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus costais ghinearálta | | | 9,270 | 8,015 | 6,850 |
| A.7 | Fiontraíocht Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 197,016 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 41,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (50,898) | | | |
| | | | | 187,118 | 172,321 | 338,872 |
| A.8 | Forbairt fiontar áitiúil | | | 43,781 | 39,081 | 58,119 |
| A.9 | Scéim shealadach ráthaíochta creidmheasa pháirtigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,000 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 30,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (9,452) | | | |
| | | | | 35,548 | 4,698 | 2,172 |
| A.10 | Maoiniú meaitseála do INTERREG | | | 4,500 | 2,640 | 3,665 |
| A.11 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | | 3,000 | 3,073 | 2,764 |
| A.12 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | | | 201 | 1 | 50 |
| A.13 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | | 130 | 76 | 21 |
| A.14 | Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 710 | | | |
| | | *Forlíontach* | 55,000 | | | |
| | | | | 55,710 | 55,709 | 38,335 |

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.15 | Scéim faoisimh dhaonnúil | | | | |
| | *Bunaidh* | 1 | | | |
| | *Forlíontach* | 550 | | | |
| | | | 551 | 105 | 403 |
| A.16 | Micrea-Airgeadas Éireann | | 1 | — | 5,000 |
| A.17 | An tIonad Náisiúnta Dearaidh | | 1 | — | — |
| A.18 | An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnólachtaí (TBESS) | | | | |
| | *Bunaidh* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 650,000 | | | |
| | | | 650,000 | 5,506 | — |
| | | | **1,286,951** | **584,946** | **722,576** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá leis na difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár A €54.565 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach (géilleadh iarchurtha san áireamh). Bhí farasbarr €459,000 ann i dtaca le caiteachas riaracháin, a tháinig go príomha as na costais phá bhreise a d'eascair as an gcomhaontú pá leathnaithe 'Building Momentum'. Is mar gheall ar an méid seo a leanas a bhí iarmhéid na difríochta, ar gannchaitheamh €55.024 milliún é.

**A.6 NSAI – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus costais ghinearálta**

*Soláthar meastacháin €9.27 milliún; toradh €8.015 milliún*

Ba mar gheall go príomha ar dheacrachtaí a bhain le foireann bhreise a earcú i dtimpeallacht mhargaidh saothair dhian a bhí an gannchaitheamh €1.255 milliún ann.

**A.7 Fiontraíocht Éireann**

*Soláthar meastacháin €238.016 milliún; toradh €172.321 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €65.695 milliún comhdhéanta de choigilteas de €68.583 milliún ó thaobh caiteachas caipitil de, a fritháiríodh le caiteachas breise €2.888 milliún ó thaobh caiteachas reatha de.

Is mar gheall ar roinnt tosca a bhí an gannchaitheamh €68.583 milliún ann ó thaobh caiteachas caipitil de, lena n-áirítear éileamh níos ísle ar scéimeanna ar nós an Chiste um Fhiontraíocht a Chothú. I gcás roinnt scéimeanna eile ar nós an Chiste Réigiúnaigh Forbartha Fiontar, na Scéime Miondíola ar Líne, na Scéime Infheistíochta Caipitil, in ainneoin go raibh siad suibscríofa go hiomlán, bhí an íostarraingt níos ísle ná mar a bhíothas ag tuar. Mar bhuille scoir, seoladh roinnt scéimeanna ar nós na gCistí Aistrithe Dhigitigh agus Aeráide agus na Scéime Scópála Nuálaíochta Fiontar Réigiúnach níos déanaí sa bhliain ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a chuaigh i bhfeidhm ar íostarraingtí ar na scéimeanna sin.

Maidir leis an gcaiteachas breise reatha €2.888 milliún, bhain sé sin go príomha leis an méadú ar an líon daoine a d'imigh ar scor sa bhliain, a bhí níos mó ná mar a bhíothas ag tuar. Mar thoradh air sin, bhí tuilleadh caiteachais ag teastáil chun costas na gcnapshuimeanna scoir a bhain leo a chlúdach.

**A.8 Forbairt fiontar áitiúil**

*Soláthar meastacháin €43.781 milliún; toradh €39.081 milliún*

Tá an gannchaitheamh €4.7 milliún comhdhéanta de ghannchaitheamh €3.65 milliún ó thaobh caiteachas caipitil de agus gannchaitheamh €1.05 milliún ó thaobh caiteachas reatha de.

Tharla an gannchaitheamh caipitil mar gheall go raibh a ndóthain barrachas oibriúcháin ag na hOifigí Fiontair Áitiúil (LEOnna) chun a riachtanais deontais agus oiliúna a chomhlíonadh, rud a d'fhág nach raibh an leithdháileadh iomlán caipitil de dhíth in 2022.

Is ann don chistiú reatha atá curtha ar fáil don chlár forbartha fiontair áitiúil chun tacú le costais riaracháin na 31 LEO ós rud é go gcuireann siad forbairt fiontraíochta chun cinn ar fud na tíre. Ba mar gheall ar na deacrachtaí a bhí ann i dtaca le folúntais foirne a líonadh i roinnt oifigí a bhí gannchaitheamh €1.05 milliún ann.

**A.9 Scéim Shealadach Ráthaíochta Creidmheasa Pháirtigh**

*Soláthar meastacháin €45 mhilliún; toradh €4.698 milliún*

Is chun costas cur i bhfeidhm na scéimeanna iasachta faoi na hAchtanna um Ráthaíocht Creidmheasa a chlúdach atá an cistiú a leithdháileadh ar an Scéim Shealadach Ráthaíochta Creidmheasa Pháirtigh. Go bunúsach, clúdaíonn an leithdháileadh costas na n-éileamh atá ar sholáthraithe airgeadais faoin ráthaíocht Stáit i dtaca le hiasachtaí ar mainníodh orthu, chomh maith leis na costais riaracháin a thabhaigh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann as an scéim a oibriú, chomh maith le costais eile ar nós comhairle dlí agus seirbhísí. Tá scéimeanna a oibríonn faoi reachtaíocht Ráthaíochta bunaithe ar dhliteanas teagmhasach, nach bhfuil aon chostas ar an Stát ina leith ach amháin i gcás nach bhfuil fiontar rannpháirteach ábalta iasacht a aisíoc agus go n-iarrann an soláthraí airgeadais ar ráthaíocht don iarmhéid gan íoc, rud atá teoranta do 80% i bhformhór na gcásanna.

I dtaca le hoibriú na scéime, íostarraingíodh iasachtaí suas go €708 milliún faoi Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19 idir dáta a seolta i mí Mheán Fómhair 2020 agus dáta a dúnta i mí an Mheithimh 2022. I ndáiríre, bhí na héilimh ar ráthaíochtaí i dtaca le Scéim Covid-19 i bhfad níos ísle ná mar a ceapadh. Mar thoradh air sin, bhí an íostarraingt ar an gclár laghdaithe go mór.

**A.10 Maoiniú meaitseála do INTERREG**

*Soláthar meastacháin €4.5 milliún; toradh €2.64 milliún*

Tá an soláthar do INTERREG bunaithe ar réamhaisnéis ó Chomhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB), atá freagrach as an gclár a bhainistiú. Chuir SEUPB in iúl don Roinn gur féidir réamhaisnéis don chlár seo a bheith deacair a dhéanamh agus go bhféadfadh go mbeadh éagsúlacht shuntasach ann idir na réamhaisnéisí a chuirtear ar fáil. Níor tháinig aon athrú ar an gcistiú iomlán atá dlite ó RTFT le haghaidh sheacht mbliana an chláir agus is ionann é fós agus €20.816 milliún.

### A.12 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

*Soláthar meastacháin €201,000; toradh €1,000*

Baineann an gannchaitheamh €200,000 seo le costais a ghabhann leis na Comhchoimisiúin Eacnamaíochta (JEC). Rinneadh an seisiún iomlánaíoch JEC leis an Rúis a athsceidealú ó 2021 go dtí 2022, ach tá sé sin curtha ar athló anois ar feadh tréimhse éiginnte.

### A.13 Costais dlí agus seirbhísí eile

*Soláthar meastacháin €130,000; toradh €76,000*

Bainistíocht vóta stuama is ea é leibhéal áirithe cistithe theagmhasaigh a chur ar fáil i gcás go dtagann costais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharlaíonn, bhí leibhéal iarbhír an chaiteachais theagmhasaigh níos ísle ná mar a bhíothas ag dréim leis.

### A.14 Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

*Soláthar meastacháin €710,000; toradh €55.709 milliún*

Cuireadh meastachán €710,000 ar fáil, i bhfoirm soláthair, chun freastal ar na costais a rabhthas ag súil go n-eascródh siad as na ceangaltais a bhí fágtha faoin Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí. Íocadh costais na gceangaltas sin go cuí, faoi mar a bhíothas ag súil.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Iasachta Fáis sa Todhchaí (FGLS), d'aontaigh an Rialtas scéim a chur amach mar chomharba uirthi. Forbraíodh an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta (GSLS) chun cur leis an rath a bhí ar an FGLS. Fuarthas cistiú ab fhiú €55 mhilliún sa Mheastachán Forlíontach a d'fhaomh an Dáil do Vóta RFTF i mí na Nollag 2022 chun tacú leis an GSLS. Tá sé i gceist go gclúdóidh an leithdháileadh breise costais riaracháin SBCI agus Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (EIBG) agus go gclúdófar chomh maith na costais 'chéad chaillteanais' a bhaineann le hiasachtaí atá ar mainneachtain faoin scéim nua.

Tá sé de riachtanas go ndéanfaidh RFTF a ranníocaíocht don scéim roimh ré chun an cion riosca ar an scéim a dheimhniú, ina n-iompraíonn EIBG 64% den riosca, ina n-iompraíonn SBCI 16% den riosca agus ina n-iompraíonn na soláthraithe airgeadais rannpháirteacha 20% den riosca. Is amhlaidh, sa bhreis ar an ranníocaíocht ó RFTF, a fhaigheann an Scéim tacaíocht chomh maith ón Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara (RTBM). Is é cóimheas na ranníocaíochta ná 60% ó RFTF agus 40% ó RTBM.

D'fhoilsigh SBCI gairm oscailte an 3 Feabhra 2023, chun cuireadh a thabhairt do sholáthraithe airgeadais iarratais a chur isteach ar pháirt a ghlacadh sa scéim. I gcomhréir leis na ceanglais dlí, tógfaidh an próiseas seo cúpla mí le cur i gcrích. Táthar ag súil go seolfar an GSLS ar an margadh sa chéad sé mhí de 2023.

**A.15 Scéim faoisimh dhaonnúil**

*Soláthar meastacháin €1,000; toradh €104,948*

Scéim ad hoc is ea an Scéim Faoisimh Dhaonnúil chun cúnamh a chur ar fáil i gcúinsí sainithe do chuideachtaí beaga agus eagraíochtaí pobail agus deonacha ar fud na tíre a ndearna eachtraí tuile dochar dóibh. Cuireann an scéim ranníocaíocht ar fáil i dtreo na gcostas a bhaineann le háitreabh gnó agus comhlachtaí pobail, deonacha agus spóirt a athchóiriú go dtí an bhail ina raibh siad roimh an tuile, lena n-áirítear urlárlach, daingneáin agus feistis agus stoc nua a chur in ionad na gceann atá damáiste. Is í Cros Dhearg na hÉireann an riarann an scéim thar cheann RFTF. Léirítear sa leithdháileadh ainmniúil €1k an éiginnteacht a bhaineann le heachtraí éigeandála a thuar. Mar a tharlaíonn, bhí cistiú ab fhiú €104,948 ag teastáil chun freastal ar an gcostas a bhain le cúnamh a chur ar fáil le linn roinnt eachtraí tuile i Loch Garman agus i gCorcaigh, agus cinntíodh soláthar chun na críche sin sa Mheastachán Forlíontach.

**A.18 An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnólachtaí (TBESS)**

*Soláthar meastacháin €nialas; toradh €5.506 milliún*

Tugadh isteach an Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnólachtaí (TBESS), a seoladh mar chuid den phacáiste beart costais maireachtála i mBuiséad 2023, chun tacú le gnólachtaí a ndeachaigh méadaithe ar a gcostais leictreachais nó gáis nádúrtha i bhfeidhm orthu. Cuireadh de fhreagracht ar na Coimisinéirí ioncaim iarratais faoin Scéim a riar, ach cuireadh an cistiú chun tacú leis an scéim ar fáil ó Vóta RFTF. Cuireadh soláthar €650 milliún ar fáil sa mheastachán forlíontach a d'fhaomh an Dáil do Vóta RFTF i mí na Nollag chun tacú leis an scéim TBESS in 2022. Bhí an íostarraingt iarbhír ar chaiteachas faoin Scéim in 2022 i bhfad níos lú ná mar a ceapadh ar roinnt cúiseanna. Go príomha, níor achtaíodh an reachtaíocht lenar tugadh éifeacht don scéim go dtí go déanach i mí na Nollag, rud a d'fhág tréimhse an-chúng ann chun na héilimh a íoc. Bhí tionchar ag tosca eile chomh maith ar íostarraingt ar chaiteachas faoin Scéim in 2022, rudaí amhail an easpa feasachta faoin Scéim, socruithe conarthacha a bhí ann cheana le soláthraithe fuinnimh, agus timthriallta billeála, etc.

## Clár B Nuálaíocht

| | | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,715 | | | |
| | | *Forlíontach* | 480 | | | |
| | | | | 8,195 | 8,429 | 7,375 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | | | 2,372 | 2,374 | 2,428 |
| B.3 | Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann | | | 3,195 | 3,274 | 3,120 |
| B.4 | Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta | | | | | |
| | | *Soláthar meastacháin* | 135,304 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 1,160 | | | |
| | | | | 136,464 | 130,133 | 152,056 |
| B.5 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 21,842 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5,800 | | | |
| | | | | 27,642 | 27,651 | 27,717 |
| B.6 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | | | 1 | 1 | 1 |
| B.7 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | | 130 | — | — |
| B.8 | Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha | | | 67,000 | 28,750 | 26,044 |
| | | | | **244,999** | **200,612** | **218,741** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá leis na difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár B €38.107 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach (géilleadh iarchurtha san áireamh). Bhí caiteachas breise €716,000 ann i dtaca le caiteachas riaracháin, a tháinig go príomha as na costais phá bhreise a d'eascair as an gcomhaontú pá leathnaithe ‘Building Momentum’. Is mar gheall ar an méid seo a leanas a bhí iarmhéid na difríochta, ar gannchaitheamh €38.823 milliún é.

**B.5 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.**

*Soláthar meastacháin €21.842 milliún; toradh €27.651 milliún*

Tharla an farasbarr €5.809 milliún mar thoradh, go príomha, ar an €5.8 milliún a tugadh do Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) sa mheastachán forlíontach a d'fhaomh Dáil Éireann i mí na Nollag 2022. Chuir an cistiú sin ar chumas comhlachtaí Éireannacha leibhéal comhchuimseach conarthaí ESA a chinntiú agus, mar thoradh air sin, méadaíodh ar leibhéal na fostaíochta sna cuideachtaí sin.

**B.7 Costais dlí agus seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €130,000; toradh €nialas*

Bainistíocht vóta stuama is ea é leibhéal áirithe cistithe theagmhasaigh a chur ar fáil i gcás aon chostas a thiocfadh chun cinn gan choinne le linn na bliana. Ní raibh aon chaiteachas i gceist le linn 2022.

**B.8 Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha**

*Soláthar meastacháin €67 milliún; toradh €28.75 milliún*

Tá an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF) ar cheann de na ceithre chiste príomhsprice faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP). Faoin NDP, tá €500 milliún de chistiú san iomlán geallta chun tacú le nuálaíocht bhunathraitheach chomhoibríoch agus le tionscadail atá dírithe ar thráchtáil thar shaolré an Phlean. Ó seoladh an DTIF in 2018 i leith, tá beagnach €190 milliún de chistiú san iomlán dáfa do thionscadail incháilithe faoi na chéad ceithre ghlao den Scéim go dtí seo.

Bhí an caiteachas in 2022 beagán níos lú ná mar a bhí tuartha ar roinnt cúiseanna. Go príomha, bhí éilimh ó chliantchuideachtaí faoin DTIF níos moille ná mar a próifílíodh i dtús na bliana. Ina theannta sin, d'iarr roinnt cuibhreannas tionscadail síntí "gan chostas" ar a dtionscadal mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19. Toisc eile a chuaigh i bhfeidhm ar an íostarraingt ba ea gurbh éigean fógairt thorthaí ghlao 4 a chur ar athló go dtí go gcríochnódh Fiontraíocht Éireann measúnuithe 'gnóthas i gcruachás' ar na comhpháirtithe fiontair faoi mar a cheanglaítear le rialacha AE maidir leis an Státchabhair. In ainneoin an ghannchaithimh in 2022, fanann an tiomantas chun €500 milliún de thacaíocht cistithe a chur ar fáil do thionscadail DTIF incháilithe thar shaolré an NDP.

## Clár C Rialáil

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,648 | | | |
| | Forlíontach | 780 | | | |
| | | | 13,428 | 13,663 | 11,784 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | | 3,567 | 3,732 | 3,588 |
| C.3 | An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre | | 20,116 | 19,737 | 17,422 |
| C.4 | Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleacha ceardchumainn – airgeadteoranta | | 900 | 853 | 866 |
| C.5 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus costais ghinearálta | | 26,471 | 24,671 | 22,422 |
| C.6 | Cónascadh ceardchumann | | 60 | — | — |
| C.7 | Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | | 7,750 | 5,175 | 5,004 |
| C.8 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | | 18,323 | 18,158 | 14,023 |
| C.9 | An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | | 2,610 | 2,526 | 295 |
| C.10 | Tacaíocht do thomhaltóirí | | 70 | 64 | 67 |
| C.11 | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCara-Chumann – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus costais ghinearálta | | 8,016 | 7,200 | 6,677 |
| C.12 | Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | | 1,679 | 1,232 | 1,410 |
| C.13 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | 1,324 | 1,318 | 1,481 |
| C.14 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | | 361 | 220 | 162 |
| C.15 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | 870 | 271 | 325 |
| C.16 | An Coimisiún um Pá Íseal | | 490 | 296 | 234 |
| | | | **106,035** | **99,116** | **85,760** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá leis na difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le clár C €6.139 milliún níos ísle ná mar a ceapadh ar dtús. Bhí caiteachas breise €1.18 milliún ann i dtaca le caiteachas riaracháin, a tháinig go príomha as na costais phá bhreise a d'eascair as an gcomhaontú pá leathnaithe 'Building Momentum'. Is mar gheall ar an méid seo a leanas a bhí iarmhéid na difríochta, ar glan-ghannchaitheamh €7.319 milliún é.

**C.5 An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – deontas le haghaidh speansais riaracháin agus costais ghinearálta**

*Soláthar meastacháin €26.471 milliún; toradh €24.671 milliún*

Go príomha, ba é coigilteas ar phá mar gheall ar dheacrachtaí a bhain le foireann a earcú i dtimpeallacht dhian sa mhargadh saothair, i gcás cigirí ar ghráid speisialta go háirithe, ba chúis leis an ngannchaitheamh €1.8 milliún.

**C.7 Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

*Soláthar meastacháin €7.75 milliún; toradh €5.175 milliún*

Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (CEA), a ghlac feidhmeanna Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE), mar ghníomhaireacht atá neamhspleách go reachtúil i mí Iúil 2022. Bhí an gannchaitheamh €2.575 milliún ar leithdháileadh CEA don bhliain 2022 comhdhéanta de ghannchaitheamh pá €1.243 milliún agus gannchaitheamh neamhphá €1.332 milliún.

Ó thaobh cúrsaí pá de, tharla an gannchaitheamh, go príomha, mar gheall ar dheacrachtaí a bhain le foireann a earcú i margadh saothair dian chomh maith le síorathrú foirne i gcaitheamh na bliana.

I dtaca leis an ngannchaitheamh ar neamhphá, baineann sé sin go bunúsach le costais dlí sa bhliain a bheith beagán níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Is fíor go bhfuil sé deacair costais dlí do CEA a réamhaisnéisiú ós rud é nach bhfuil smacht ar bith aige ar cén uair a thabharfar breith sna cásanna sin ná ar thorthaí na gcásanna sin ó thaobh ordaithe costais de, agus níl sé indéanta méid na gcostas a d'fhéadfadh páirtithe eile a lorg a thuar.

### C.11 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCara-Chumann

*Soláthar meastacháin €8.016 milliún; toradh €7.2 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €816,000 ar leithdháileadh na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO) don bhliain 2022 comhdhéanta de ghannchaitheamh pá €33,000 agus gannchaitheamh neamhphá €783,000. Bhain an gannchaitheamh pá go príomha le moilleanna a bhí ann maidir le folúntais a tháinig chun cinn i gcaitheamh na bliana a líonadh. Ó thaobh an ghannchaithimh neamhphá dé, tháinig sé sin chun cinn ar roinnt cúiseanna, san áireamh orthu sin a bhí an fhíric go raibh gníomhaíochtaí forfheidhmithe ar fionraí don chuid is mó de 2022 mar chuid de na bearta maolaithe chun cabhrú le fiontair le linn na paindéime. Ina theannta sin, níor tosaíodh roinnt tionscadal TF, forbairt ar shuíomh idirlín CRO agus uathoibriú ar chóras bailíochtaithe sláinte san áireamh, in 2022 faoi mar a bhíothas ag súil leis.

### C.12 Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

*Soláthar meastacháin €1.679 milliún; toradh €1.232 milliún*

Tharla gannchaitheamh €447,000 mar thoradh ar choigiltis ó thaobh taistil, cothaithe agus costais oifige de i ngeall ar thionchar phaindéim Covid-19 agus ar ghannchaitheamh i gcomhairleoireacht, rud ar suim theagmhasach é den chuid is mó chun cur ar chumas an Údaráis imscrúduithe agus fiosrúcháin reachtúla a dhéanamh más gá.

### C.14 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

*Soláthar meastacháin €361,000; toradh €220,000*

Tháinig an gannchaitheamh €141,000 chun cinn mar thoradh ar ghannchaitheamh ar an tionscnamh ‘Cothromaíocht do Ghnó Níos Fearr’ agus ar an nGrúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí (CLRG).

I dtaca leis an tionscnamh ‘Cothromaíocht do Ghnó Níos Fearr’, tharla an gannchaitheamh mar gheall ar chinneadh an Ghrúpa Cothromaíocht do Ghnó Níos Fearr chun seirbhísí preasa a sholáthar go hinmheánach.

I dtaca leis an CLRG, tháinig an gannchaitheamh caiteachais sa réimse seo ó chruinnithe an ghrúpa a bheith á reáchtáil go cianda, rud a laghdaigh costais riaracháin.

### C.15 Costais dlí agus seirbhísí eile

*Soláthar meastacháin €870,000; toradh €271,000*

Bainistíocht vóta stuama is ea leibhéal áirithe cistithe theagmhasaigh a chur ar fáil i gcás go dtagann costais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharlaíonn, bhí leibhéal iarbhír an chaiteachais theagmhasaigh níos ísle ná mar a bhíothas ag dréim leis.

**C.16 An Coimisiún um Pá Íseal**

*Soláthar meastacháin €490,000; toradh €295,784*

Tháinig an gannchaitheamh €194,216 chun cinn ar roinnt cúiseanna. Go príomha, bhí an leibhéal gníomhaíochta taighde a rinne an Coimisiún um Pá Íseal (LPC) i gcaitheamh na bliana níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Ina theannta sin, níor críochnaíodh roinnt sparánachtaí a choimisiúnaigh LPC laistigh den tréimhse ama a rabhthas ag súil léi. Gnóthaíodh coigiltis mar gheall ar an úsáid leanúnach a baineadh as ardáin ar líne le haghaidh chruinnithe an choimisiúin agus comhairliúchán, etc., rud a laghdaigh costais riaracháin.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta €000 | Réadaithe €000 | Réadaithe €000 |
| **Cearta fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch** | | | | |
| 1 | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 75 | 136 | 112 |
| 2 | Táillí ceada fostaíochta | 14,500 | 27,671 | 22,375 |
| 3 | Ceadúnais gníomhaireachta fostaíochta | 355 | 486 | 408 |
| 4 | Fógraí pionós seasta WRC | 22 | 2 | — |
| 5 | Costais dámhachtana cúirte WRC | 20 | 59 | 189 |
| **Árachas agus dlí na gcuideachtaí** | | | | |
| 6 | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 16,200 | 17,389 | 16,268 |
| 7 | Clárlann na gCara-Chumann | 50 | — | — |
| 8 | Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar chumainn tionscail agus choigiltis | 50 | 406 | 148 |
| **Trádáil, iomaíochas agus cearta margaidh** | | | | |
| 9 | Fáltais faoi Acht na dTrádmharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní, 1964 | 10,000 | 10,338 | 10,272 |
| 10 | Ceadúnais trádála ócáidí | 1 | — | — |
| 11 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – Creidmheas Tomhaltóirí | 501 | 542 | 587 |
| 12 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – Costais Chúirte | 1 | 1 | 38 |
| 13 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – Fógraí Íocaíochta Seasta | 6 | 1 | 3 |
| 14 | Fógraí cumaisc | 550 | 608 | 584 |
| **Eile** | | | | |
| 15 | ODCE dlíthiúil | 50 | 12 | — |
| 16 | Ilghnéitheach | 200 | 577 | 422 |
| 17 | Beartas fiontraíochta [a] | 9,149 | 8,570 | 6,684 |
| 18 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí [b] | 1,205 | 971 | 1,171 |
| 19 | Aoisliúntas PIAB | 1,154 | 1,203 | 1,224 |
| 20 | Aoisliúntas HSA | 650 | 650 | 626 |

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 21 | An Scéim Shealadach Ráthaíochta Iasachtaí | 1,200 | 2,164 | 1,348 |
| 22 | Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 557 | 481 | 523 |
| 23 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 5,900 | 6,310 | 6,069 |
| | **Iomlán** | **62,396** | **78,577** | **69,051** |

Nótaí

[a] Léirítear sa bheartas fiontraíochta na suimeanna a fuarthas ó ghníomhaireachtaí reatha fiontraíochta agus iarghníomhaireachtaí fiontraíochta i dtaca le ranníocaíochtaí pinsin foirne agus aisíocaíocht INTERREG-ERDF. Is iad na gníomhaireachtaí sin ná Idir-Thrádáil Éireann, GFT Éireann, FÉ agus iarghníomhaireacht Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionainne (SFADCo).

[b] Tá fáltais faoin líne seo mar pháirt-fhorchúiteamh ar an gcaiteachas faoi fho-mhírcheann C.8.

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá leis na difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Bhí na leithreasaí-i-gcabhair foriomlána €16.181 milliún níos airde ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

**2 Táillí ceada fostaíochta**

*Meastachán €14.5 milliún; réadaithe €27.671 milliún*

Tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarratas ar cheadanna fostaíochta in 2022. Tháinig sé sin le treocht an lín mhéadaithe iarratas a bhí ann le linn blianta roimhe. Ó thosach mhí Eanáir go dtí deireadh mhí na Nollag 2022, fuarthas thart ar 36,000 iarratas. B'ionann sin agus méadú 30% ar an tréimhse chéanna in 2021. B'ionann an méadú a tharla in 2022 agus an pointe is airde a bhí ann le 12 bhliain anuas ó thaobh líon na n-iarratas de, rud a d'fhág go bhfuarthas breis is €13.17 milliún i dtáillí don tseirbhís sin.

**3 Ceadúnais gníomhaireachtaí fostaíochta**

*Meastachán €355,000; réadaithe €486,000*

Sháraigh líon na n-iarratas ar cheadúnais gníomhaireachtaí fostaíochta an meastachán mar gheall, den chuid is mó, gur cuireadh deireadh le srianta a bhain le Covid-19 agus go raibh éileamh níos mó ann ar earcaíocht dá bharr. In 2022, méadaíodh líon na gceadúnas a eisíodh go 936 cheadúnas, ó 820 ceadúnas in 2021.

**6 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí**

*Meastachán €16.2 milliún; réadaithe €17.389 milliún*

Bhí méadú suntasach ann ar líon na dtáillí as íocaíochtaí déanacha, rud ba phríomhchúis leis an bhfarasbarr €1.189 milliún. Is féidir é a bheith deacair réamhaisnéis chruinn a dhéanamh sa réimse seo.

**8 Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar chumainn tionscail agus choigiltis**

*Meastachán €50,000; réadaithe €406,000*

Ceanglaítear leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú), 2021, ar institiúidí airgeadais agus comhlachtaí forordaithe eile, Clár na nÚinéirí Tairbhiúla a imscrúdú mar chuid dá n-oibleagáidí díchill chuí. Tá taithí theoranta ann ar oibriú an Chláir, ós rud é nár cuireadh ar bun é go dtí 2021. Fágann sé sin go bhfuil sé cuibheasach deacair fáltais d'úsáid an Chláir a mheas. Faoi mar a tharla sé, tharla cuid den fharasbarr €356,000 mar gheall ar bhreisithe cuntas custaiméara a thabhairt isteach, rud a chuaigh i bhfeidhm ar fháltais, ós rud é gur úsáid daoine ainmnithe a leithéid chun a gcuntais a bhreisiú le méideanna móra. Táthar ag súil go bhféadfadh cinntí a rinne an Chúirt Eorpach le déanaí dul i bhfeidhm ar chearta rochtana ar an gClár agus, mar thoradh air sin, is dócha go mbeidh laghdú ann ar líon agus luach na bhfáltas in 2023.

**16 Ilghnéitheach**

*Meastachán €200,000; réadaithe €577,000*

Baineann an farasbarr €377,000 i bhfáltais ilghnéitheacha go príomha le hairgead a fuair Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann a d'eascair as an bpáirt a ghlac sí i roinnt gníomhaíochtaí agus clár comhoibríoch de chuid Oifig Eorpach na bPaitinní agus Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh.

**17 Beartas fiontraíochta**

*Meastachán €9.149 milliún; réadaithe €8.57 milliún*

Tharla an t-easnamh de €579,000 mar gheall go raibh na haisíocaíochtaí ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**18 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí**

*Meastachán €1.205 milliún; réadaithe €971,000*

Tagann na fáltais sa réimse seo ó tháillí a ghearrann an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ar chomhlachtaí rialáilte chun íoc as feidhmeanna rialála áirithe a dhéanann sé. Is cuid d'fhorchúiteamh caiteachais a tabhaíodh faoi fho-mhírcheann C.8 iad na táillí a fuair an Coimisiún ó na heintitis lena mbaineann. Ba mar gheall go príomha ar choigiltis a d'eascair as deacrachtaí a bhain le foireann a earcú i dtimpeallacht mhargaidh saothair dhian a bhí gannchaitheamh €234,000 ann.

**21 Scéim Shealadach Ráthaíochta Iasachtaí**

*Meastachán €1.2 milliún; réadaithe €2.164 milliún*

Cuireann scéimeanna a oibríonn faoin Acht um Ráthaíocht Creidmheasa, lena n-áirítear Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19, ráthaíocht le tacaíocht ón Stát ar fáil d'iasachtaí faoi na scéimeanna. Éilíonn iasachtaí a thógtar faoi na scéimeanna go n-íoctar préimh bheag.

Is scéim iasachta faoi thionchar éilimh í Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19, a seoladh i mí Mheán Fómhair 2020 agus a forbraíodh í i gcomhréir le Creat Sealadach an Choimisiúin Eorpaigh um Státchabhair. Ceanglaítear leis an gCreat go n-íoctar préimh ar iasachtaí a chuirtear ar fáil le ráthaíocht Stáit. Tá na préimheanna a fhaightear bunaithe ar líon na n-iasachtaí, ar mhéid na cuideachta agus ar théarma na n-iasachtaí. Bhí na préimheanna a fuarthas €964,000 níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall go bhfuil an scéim faoi thionchar éilimh.

**23 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €5.9 milliún; réadaithe €6.310 milliún*

Tháinig an farasbarr €410,000 ó thaobh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise chun cinn go díreach mar thoradh ar mhéadú ar líon na mball foirne a earcaíodh i gcaitheamh na bliana.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Oifigí Fiontair Áitiúil – reatha [a] | 12 | — |
| Oifigí Fiontair Áitiúil – caipiteal [b] | 44 | — |
| Fiontraíocht Éireann - ioncam breise acmhainní dílse [c] | 1,567 | 102,937 |
| Fiontraíocht Ireland - deontas Atosaithe neamhúsáidte a thabhairt ar ais [d] | 10 | 9,138 |
| Ilghnéitheach | 21 | — |
| A aistríodh chuig an Státchiste | (1,654) | (112,075) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | — | — |

Nótaí

[a] Oifigí Fiontair Áitiúil − reatha: bhain sé sin le cistí nár úsáideadh le haghaidh pá agus neamhphá i bhfo-mhírcheann A.8.

[b] Oifigí Fiontair Áitiúil – caipiteal: bhain sé sin le cistí nár úsáideadh le haghaidh cláir chaipitil ar leith i bhfo-mhírcheann A.8.

[c] Fiontraíocht Éireann - ioncam breise acmhainní dílse: bhain sé sin leis an ioncam acmhainní dílse a ghnóthaigh Fiontraíocht Éireann a bhí níos mó ná an tsuim a cheadaigh PER dá úsáid féin sa bhliain.

[d] Fiontraíocht Éireann – deontas Atosaithe neamhúsáidte a thabhairt ar ais: ceanglaíodh le téarmaí na Scéime Atosaithe go dtabharfaí gach ciste neamhúsáidte ar ais don Státchiste. Is iad na húdaráis áitiúla i gcomhar le Fiontraíocht Éireann a rinne an Scéim a riar. Is ionann an tsuim €10,000 agus deontais neamhúsáidte a thug údaráis áitiúla ar ais d'Fhiontraíocht Éireann, a thug airgead ar ais ar a seal don Roinn agus don Státchiste.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| An Roinn agus na hOifigí: | | |
| Roinn [a] | 569 | 536 |
| Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann | 43 | 40 |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | 206 | 190 |
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach [b] | — | 35 |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 117 | 106 |
| An Chúirt Oibreachais | 35 | 32 |
| | **970** | **939** |
| Gníomhaireachtaí [c] | 1,823 | 1,761 |
| | **2,793** | **2,700** |

Nótaí

a Áirítear leis seo foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Pá Íseal.

b Tháinig gníomhaireacht eile, an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, in ionad Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach an 7 Iúil 2022. Tá líon na bhfostaithe do 2022 ar áireamh sna figiúirí do ghníomhaireachtaí RFTF.

c Áirítear leis seo fostaithe de chuid an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, atá ina ghníomhaireacht stáit neamhthráchtála nach bhfaigheann maoiniú go díreach ón Státchiste, seachas ó sholáthar pinsin.

### 5.2 Pá – An Roinn, oifigí agus gníomhaireachtaí

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 189,836 | 172,965 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1,093 | 1,151 |
| Liúntais eile | 2,598 | 2,694 |
| Ragobair | 591 | 291 |
| ÁSPC an Fhostóra | 14,656 | 13,331 |
| **Pá iomlán** | **208,774** | **190,432** |

Tagraíonn na socruithe luach saothair don ghné phá d'Fho-mhírchinn A.1, A.4, A.5, A.6, A.7, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7, C.8, C.11, C.12 agus C.16.

## 5.3 Roinn

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá [a, b] | 51,613 | 49,040 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 734 | 715 |
| Liúntais eile | 990 | 1,167 |
| Ragobair | 433 | 182 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,148 | 3,809 |
| **Pá iomlán [c d]** | **57,918** | **54,913** |

Nótaí

[a] Áirítear leis seo íocaíochtaí pinsin le 29 n-iarchomhalta den Chúirt Oibreachais agus den Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.

[b] Ní áirítear leis seo táillí a íocadh le sealbhóirí oifige nach fostaithe de chuid na Roinne iad, e.g., moltóirí.

[c] Áirítear leis an bpá iomlán pá riaracháin (A.1, B.1 agus C.1) agus na gnéithe pá d’Oifigí na Roinne (B.3, C.3, C.11 agus C.16). Tagraíonn an tsuim atá ar áireamh le haghaidh pá i Nóta 1 d'fho-mhírchinn riaracháin amháin.

[d] Cuimsíonn figiúirí 2021 Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tháinig gníomhaireacht eile, an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, ina hionad an 7 Iúil 2022.

## 5.4 Foireann na Roinne de réir banda pá

Seo a leanas líon na bhfostaithe a raibh a gcuid sochar fostaí iomlán (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair; gan ÁSPC fostóra agus costais phinsin fostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh.

| Banda pá | | Líon na bhfostaithe [a] | |
|---|---|---|---|
| **Ó (€)** | **Go (€)** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 668 | 702 |
| 60,000 | 69,999 | 80 | 61 |
| 70,000 | 79,999 | 69 | 56 |
| 80,000 | 89,999 | 61 | 37 |
| 90,000 | 99,999 | 28 | 20 |
| 100,000 | 109,999 | 21 | 23 |
| 110,000 | 119,999 | 18 | 7 |
| 120,000 | 129,999 | 1 | — |
| 130,000 | 139,999 | 1 | 2 |
| 140,000 | 149,999 | — | 1 |
| 150,000 | 159,999 | 3 | 2 |
| 160,000 | 169,999 | 4 | 2 |
| 170,000 | 179,999 | 4 | 1 |
| 180,000 | 189,999 | 2 | — |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | 1 |
| 210,000 | 219,999 | 1 | — |

Nóta [a] Áirítear leis foireann oifigí na Roinne.

## 5.5 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – foireann na Roinne

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022 | 2021 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 91 | 10 | 54,429 | 46,053 |
| Liúntais eile | 43 | 12 | 153,649 | 237,683 |
| Ragobair | 142 | 7 | 17,920 | 16,027 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin [a] | 27 | 17 | 25,079 | 38,683 |

Nóta [a] Cuimsíonn figiúirí 2021 Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tháinig gníomhaireacht eile, an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, ina hionad an 7 Iúil 2022.

## 5.6 Gníomhaireachtaí

Is iad na gníomhaireachtaí atá ar áireamh anseo ná an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an tÚdarás Forbartha Tionscail, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, Idir-Thrádáil Éireann agus Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí agus, dá bhrí sin, níl faisnéis phá agus liúntais mhionsonraithe ag an Roinn i leith ball foirne ghníomhaireachta. Tá faisnéis mhionsonraithe i dtaca le líon agus pá fhostaithe ghníomhaireachtaí na roinne ar fáil ó na ráitis/tuarascálacha airgeadais ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 138,223 | 123,925 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 359 | 436 |
| Liúntais eile | 1,608 | 1,527 |
| Ragobair | 158 | 109 |
| ÁSPC an Fhostóra | 10,508 | 9,522 |
| **Pá iomlán [a]** | **150,856** | **135,519** |

Nóta [a] Cuimsíonn figiúirí 2022 an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tháinig sé seo in ionad Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach an 7 Iúil 2022.

### 5.7 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – baill foirne ghníomhaireachta

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022 | 2021 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 76 | 7 | 54,429 | 52,031 |
| Liúntais eile | 276 | 25 | 91,948 | 99,355 |
| Ragobair | 59 | 4 | 28,910 | 28,652 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 17 | 1 | 14,095 | 101,618 |

Nóta [a] Áirítear le figiúirí 2022 an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tháinig sé seo in ionad Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach an 7 Iúil 2022.

### 5.8 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh státseirbhíseach amháin ar scor ar bhonn táille, ar chostas iomlán €2,220. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €417,712 i dtaca le hochtar oifigeach a bhí ag obair lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2022 agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

### 5.9 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunphá | 213 | 201 |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse luaite thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim phinsin roimh an mbliain 1995 ach ní théann a teidlíochtaí i leith sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsean sin.

## 5.10 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 63 | 132,704 | 144,545 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 20 | 77,635 | 99,896 |

Aistríodh plean aisghabhála ró-íocaíochta amháin i leith duine aonair dar luach €1,048 go roinn amháin eile sa bhliain.

## 5.11 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní dhearna an Roinn aon scaoilíocaíochtaí ná aon íocaíochtaí iomarcaíochta in 2022.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú AE

Fuair an Roinn, agus na comhlachtaí seo a leanas atá faoi choimirce na Roinne, cabhair AE go díreach mar a thaispeántar thíos.

| Fo-mhírcheann | | 2022 Toradh €000 | 2021 Toradh €000 |
|---|---|---|---|
| A.4 | Idir-Thrádáil Éireann | 2,482 | 1,284 |
| A.10 | Maoiniú meaitseála do INTERREG | 5,581 | 2,934 |
| B.3 | Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann | 326 | 235 |
| B.4 | Fiontraíocht Éireann | 843 | 2,436 |
| C.5 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | 11 | 6 |
| | | **9,243** | **6,895** |

## 6.2 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an bhunaithe | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|
| **Buan/oscailte** | | | |
| Comhchoistí Oibreachais | 1946 | 3 | 6 |
| Comhchoimisiúin Eacnamaíochta | 2020 | — | 49 |
| Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí | 2000 | 25 | 50 |
| Coiste Iniúchóireachta na Roinne | 2004 | 3 | 3 |
| Cothromaíocht do Ghnó Níos Fearr | 2021 | 190 | 105 |
| | | **221** | **213** |

## 6.3 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh uathu seo | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **2022** | **2021** |
| Líon na gcásanna | 5 | 7 | 12 | 9 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | 27 | — | 27 | 238 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | | |
| Cúiteamh | 42 | — | 42 | — |
| Costais dlí | — | 184 | 184 | 23 |
| Costais eile | — | — | — | — |
| **Iomlán 2022** | **69** | **184** | **253** | **261** |
| **Iomlán 2021** | **82** | **179** | **261** | |

## 6.4 An tobhach fostaíochta agus oiliúna

Cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna, a bhí socraithe ag 1% d'ioncam iomlán duine aonair le roinnt eisceachtaí, le héifeacht ón 6 Aibreán 1999. Tá an Roinn fós ag fáil suimeanna airgid a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla an tobhaigh. Bailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna agus íoctar ar aghaidh é chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta gach mí. Íoctar an t-airgead leis an Státchiste ina dhiaidh sin.

Ráiteas faoi íocaíochtaí a rinneadh de réir Alt 25(1) den Acht um Áiseanna Saothair, 1987.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| A fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim | 33 | 26 |
| A íocadh isteach sa Státchiste | 33 | 27 |

## 6.5 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigiltis €54.5 milliún ó thaobh caiteachas caipitil de in 2022 sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn go 2023.

| | | €000 |
|---|---|---|
| **Fho-mhírcheann** | | |
| A.5 | GFT Éireann | 30,500 |
| A.7 | Fiontraíocht Éireann | 24,000 |
| | | **54,500** |

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne, a bhfuil ceanglas ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair ina leith. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta a cuireadh i láthair iad don Oireachtas.

| Comhlacht/Ciste Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn í | An dáta a cuireadh i láthair don Oireachtas í |
|---|---:|---:|---:|---:|
| GFT Éireann | 2021 | 15 Mei 2022 | 21 Mei 2022 | 8 Lún 2022 |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann | 2021 | 29 MF 2022 | 30 MF 2022 | 2 Sam 2022 |
| Fiontraíocht Éireann | 2021 | 14 Mei 2022 | 28 Mei 2022 | 13 Iúil 2022 |
| An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | 2021 | 30 Mei 2022 | 1 Iúil 2022 | 28 Iúil 2022 |
| An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 2021 | 28 Mei 2022 | 5 Iúil 2022 | 8 Iúil 2022 |
| An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 2021 | 8 Mei 2022 | 30 Mei 2022 | 28 Iúil 2022 |
| Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | 2021 | 2 Mei 2022 | 27 Mei 2022 | 27 Mei 2022 |
| Idir-Thrádáil Éireann | 2021 | 30 MF 2022 | 20 DF 2022 | 8 Már 2023 |
| An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach [a] | N/b | — | — | — |

Nóta [a] Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an 7 Iúil 2022 agus níl ráitis airgeadais curtha i láthair aige go fóill.